# COLÁISTE NAOMH FEICHÍN
# CORR NA MÓNA

## Polasaí Frithbhulaíochta

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín mar chuid de chód iompair iomlán an Choláiste. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

   Clúdaíonn an polasaí seo bulaíocht a dhéanann daltaí nó go bhfuil taithí ag daltaí ar thromaíocht sa scoil. Tá an t-ábhair tromaíochta idir-foirne á chlúdach faoi na polasaithe oideachas agus oiliúna seo
   - Polasaí ar chosc Frithbhulaíochta – Céimeanna Gearáin do bhaill foirne na Boird Oideachais agus Oiliúna
   - Polasaí ar chosc Ciapadh / Ciapadh Gnéasach – Céimeanna Gearáin do bhaill foirne na Bord Oideachais agus Oiliúna

2. Glacann Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín le Céimeanna Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna mar atá eisithe ag Roinn Oideachais agus Scileanna (MF 2013) mar bhunús ar mhodhanna oibre Choláiste Naomh Feichín nuair atá cás frithbhulaíochta faoi bhráid na scoile.

3. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

(A) Cultúr dearfach a bheith i réim sa Choláiste:
- ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
- ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
- ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal an Choláiste;

| Feic Tábla A (6.1.5. Gnásanna): Príomhghnéithe de chultúr agus timpeallacht dhearfach scoile, agus, freisin, Aguisín 2: Leideanna Praiticúla chun cultúr agus timpeallacht dhearfach scoile a fhorbairt. |
|---|

(B) Ceannaireacht éifeachtach;

(C) Cur chuige scoile uile;

(D) Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige

(E) Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)

- a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí;

  agus

- ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;

(F) Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;

(G) Tacaíochtaí don fhoireann;

(H) Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus

(I) Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

4. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* (2013), seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

   An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

   Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

   - duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
   - cibearbhulaíocht; agus
   - bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

   Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

   Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

   Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir Chód Iompair an Choláiste.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*

Ní liosta cuimsitheach é an liosta samplaí seo thíos, agus féadfaidh scoileanna iompraíochtaí a chur leis an liosta de réir a gcúinsí féin.

**Samplaí d'Iompraíochtaí Bulaíochta**

| | |
|---|---|
| **Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas bulaíocht** | • Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc.<br>• Forrántacht fhisiciúil<br>• Damáiste do mhaoin<br>• Leasainmneacha a ghlaoch<br>• Cleithmhagadh<br>• Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú<br>• Graifítí maslach<br>• Sracadh (extortion)<br>• Imeaglú<br>• Gothaí / Teanga maslaitheacha nó gáirsiúla<br>• Cur isteach ar spás pearsanta<br>• Meascán de na cinn a luaitear. |
| **Cibearbhulaíocht** | • **Tromaíocht**: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile<br>• **Ciapadh**: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach<br>• **Pearsanú**: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile<br>• **Gríosadh**: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh<br>• **Cleasaíocht**: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin<br>• **Sceitheadh**: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt<br>• **Leithcheal**: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó<br>• **Cibear-stalcaireacht**: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine<br>• Glao tostach gutháin/gutháin phóca<br>• Glao maslach gutháin/gutháin phóca<br>• Teachtaireacht téacs mhaslach<br>• Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach<br>• Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí<br>• Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín<br>• Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide |

## Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas

**Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas** (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad).

| | |
|---|---|
| **Homafóbach agus Trasinscne** | • Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine<br>• Magadh faoi dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici<br>• Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine<br>• Imeaglú fisiciúil nó ionsaí<br>• Bagairtí |
| **Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus ballraíocht de phobal an Lucht Taistil** | • Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil<br>• Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas |
| **Caidreamhach** | Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá:<br>• Biadán maslach<br>• Leithcheal agus aonrú<br>• Neamhaird<br>• Leithcheal ó ghrúpa<br>• Cairde a bhaint de dhuine<br>• 'Bitseáil'<br>• Ráflaí a scaipeadh<br>• Rún a sceitheadh<br>• Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í<br>• 'Amharc' faoi Leith<br>• 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine. |
| **Gnéasach** | • Ráitis nó tadhall gnéasach míchuí nó gan choinne<br>• Ciapadh |
| **Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas** | • Leasainmneacha a ghlaoch<br>• Tathant ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama<br>• Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint<br>• Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint.<br>• Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile<br>• Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile |

Is minic nach dtuigeann siad siúd a dhéanann bulaíocht ar dhaoine eile ar bhealach neamhfhisiciúil go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha dlíthiúla a bheith ag a gcuid gníomhartha dóibh. Is é fírinne an scéil, áfach, go bhféadfadh gur cion coiriúil í an bhulaíocht.
Mar shampla, féadfaidh an bhulaíocht a bheith ina cion coiriúil faoi Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997.

Déileálann Alt 10 den Acht seo le ciapadh agus forálann sé go bhféadfadh duine a bheith ciontach sa choir seo:

*'... without lawful authority or reasonable excuse, by any means including by use of the telephone, harasses another by persistently following, watching, pestering, besetting or communicating with him or her.*

*'For the purpose of this section, a person harasses another where-*

*(a) he or she, by his or her acts intentionally or recklessly, seriously interferes with the other's peace and privacy or causes alarm, distress or harm to the other, and*

*(b) his or her acts are such that a reasonable person would realise that the acts would seriously interfere with the other's peace and privacy or cause alarm, distress or harm to the other'.*

Is coir inghabhála é ciapadh faoi Alt 10 agus má ciontaigh, tá tréimhse prisúin seacht mbliana ar a uasmhéid i gceist. Ar chiontú freisin, féadfaidh cúirt ordú a dhéanamh nach bhféadfaidh an páirtí ciontach, ar feadh tréimhse sonraithe, cumarsáid a dhéanamh trí mhodh ar bith, ná teacht laistigh d'achar sonraithe ó bhaile nó ionad oibre duine.

Déanann Alt 2 den Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha (1989) gur cion coiriúil é do dhuine *to publish or distribute written material, to use words, behave or display written material ... or to distribute, show or play a recording of visual images or sounds, if the written material, words, behaviour, visual images or sounds, as the case may be, are threatening, abusive or insulting and are intended or, having regard to all the circumstances, are likely to stir up hatred.*

Féadfar pianbhreith dhá bhliain ar a mhéad agus/nó fíneáil suas le £10,000.00 a chur orthu siúd a chiontaítear ar díotáil faoin bhforáil seo.
Fiú nuair nach cion coiriúil í an bhulaíocht, féadfar an té a rinne an cion a chur faoi dhliteanas i leith damáistí in imeachtaí cúirte sibhialta. Mar shampla, clúdaítear ráitis a dhéantar ar shuíomh meán sóisialta faoi fhorálacha an Achta um Chlúmhilleadh 2009, a shainmhíníonn in Alt 2 ráiteas clúmhillteach mar 'rud a bhfuil claonadh ann clú duine a ghortú i súile baill réasúnta den tsochaí'.
Is cosúil go mbraitheann go leor, óg agus nach bhfuil chomh óg sin, gur féidir leo a chinntiú go gcosnaítear a bhféiniúlacht trí phostáil gan ainm ar shuíomhanna líonraithe sóisialta. Ní hé seo an cás, áfach. Go deimhin, i go leor cásanna bíonn sé éasca an té a rinne an cion a aithint de bharr ábhar na dteachtaireachtaí. In aon chás, áit a bhfuil forais ag na Gardaí a chreidiúint go bhféadfadh gníomhaíocht choiriúil a bheith ag tarlú, is féidir iarratais a dhéanamh chuig na cúirteanna á cheangal ar an soláthraí seirbhíse idirlín nó ar dhaoine eile a bhfuil faisnéis ábhartha ina seilbh acu céannacht an chiontóra a nochtadh.
Sa chás go meastar gur gníomh coiriúil é an bhulaíocht, lorgóidh an Coláiste comhairle dlí agus cuirfear an scéal in iúl do na Gardaí.

5. Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile)*:

Is iad na Múinteoirí ábhartha sa scoil seo: (Arna gcinneadh ag an mBord Bainistíochta)
e.g.

| Iar-Bhunscoileanna |
|---|
| Príomhoide<br>Leas-Phríomhoide<br>Treoirchomhairleoir<br>Múinteoir Ranga |

**Féadfaidh múinteoir ar bith gníomhú mar mhúinteoir ábhartha más gá.**

6. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a dhírítear go sonrach ar chibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil (féach roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-Bhunscoile*):

   6.1. Déanann an Coláiste soiléir do gach ball de phobal na scoile go bhfuil bulaíocht d'aon chineál do-ghlactha, is cuma más dalta nó ball foirne nó duine ar bith eile atá ina ábhar d'iompraíocht den sórt sin. Sa chomhthéacs seo, tá dualgas ar gach ball de phobal na Scoile aird an Phríomhoide nó an Phríomhoide Tánaisteach a thabhairt ar

aird ar bith de chibearbhulaíocht nó ciapadh a bhfuil a fhios acu nó a bhfuil amhras fúthu.

6.2. Cé go bhfuil an príomhfhócas ar réiteach na ndifríochtaí agus ar athbhunú caidreamh na bpáirtithe lena mbaineann (seachas an milleán a chionroinnt) agus an bhulaíocht á himscrúdú agus ag déileáil léi, tá an ceart ag an Coláiste beart araíonachta a ghlacadh mar sin féin ( suas go dtí agus lena n-áirítear fionraí agus díbirt), nuair is gá, de réir Chód Iompraíochta Daltaí an Choláiste, i gcoinne iad siúd a dhéanann bulaíocht ar dhaoine eile.

6.3. Tá cosc agus feasacht ar bhulaíocht lárnach don pholasaí seo agus cuirfear deiseanna ar fáil do scoláirí, trína gcláir churaclaim agus seach-churaclaim araon, chun meon dearfach féinfhiúntais a fhorbairt.

6.4. Díreoidh straitéis choiscthe an Choláiste ar ionbhá, meas agus athléimneacht a chothú i scoláirí.

6.5. Cuirfear deiseanna ar fáil do dhaltaí tuiscint a fháil ar chúiseanna agus ar éifeachtaí na bulaíochta, ar cheist na bulaíochta bunaithe ar fhéiniúlacht agus go háirithe ar bhulaíocht homafóbach agus thrasfóbach. Áireoidh sé seo póstaeir LADT a thaispeáint (de réir mar is cuí) agus plé le tuismitheoirí faoi ráitis fáilte agus mheasa do bhaill LADT de phobal na scoile, ag múineadh na hacmhainne Oideachas Sóisialta, Pearsanta, Sláinte (OSPS), Ag Fás Aníos LADT agus (de réir mar is cuí ) páirt a ghlacadh in imeachtaí feasachta LADT.

   Aithníonn an Coláiste go ndéanann an curaclam OSPS foráil ar leith chun an bhulaíocht a fhiosrú chomh maith leis na réimsí idirghaolmhara a bhaineann le muintearas agus comhtháthú, cumarsáid, coinbhleacht, cairdeas, sábháilteacht phearsanta agus caidrimh. Chomh maith leis sin, go gcuireann an clár Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) deiseanna ar fáil chun réimsí ar nós gnéasacht agus caidrimh dhaonna a iniúchadh agus a phlé, a bhfuil baint ar leith acu le bulaíocht bunaithe ar fhéiniúlacht. Déanfaidh an Coláiste gach iarracht réasúnta a chinntiú go mbaintear leas as lánacmhainneacht na gclár seo chun dul i ngleic leis an mbulaíocht.

   Tá an Coláiste tiomanta d'acmhainneacht an Chreata Scoileanna don tSláinte in Éirinn a fhiosrú (le linn 2014) chun cabhrú léi a chinntiú go bhfuil an scoil uilechuimsitheach, fáilteach roimh éagsúlacht agus go dtugann sí aghaidh ar na saincheisteanna seo go héifeachtach ar mhaithe le leas gach ball de pobail na scoile.

   Ina theannta sin, aithnítear go bhfuil acmhainn laistigh de theagasc na n-ábhar ar fad agus laistigh de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim chun dearcadh meas a chothú ar chách: luach na héagsúlachta a chur chun cinn; aghaidh a thabhairt ar chlaontacht agus steiréitíopáil agus chun neamh-inghlacthacht iompar bulaíochta a aibhsiú.

6.6. Déileálfaidh bearta coiscthe agus ardaithe feasachta go sainráite freisin le cibearbhulaíocht trí oideachas a chur ar dhaltaí faoi iompar cuí ar líne, conas fanacht sábháilte agus iad ar líne agus freisin trí chultúr a fhorbairt chun aon imní nó teagmhais bhulaíocht a thuairisciú do bhall den fhoireann teagaisc.

6.7. Déanfaidh an Coláiste, ina cumarsáidí ar fad le scoláirí agus lena dtuismitheoirí, ag tosú le hionduchtú an dalta isteach sa Choláiste, gach iarracht chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le mic léinn a bheith ag tuairisciú teagmhais bhulaíocht nó imní faoi bhulaíocht do bhall den fhoireann teagaisc ar an tuiscint shoiléir go bhfuil na cúrsaí seo á dtuairisciú faoi rún. Ciallaíonn sé seo nach nochtfar a (h)aitheantas ar bhealach ar bith do dhalta a dtarraingíonn imní faoin mbulaíocht ar aird bhall foirne a bhféadfadh go n-aithneodh na daoine a bhfuil líomhaintí ina leith foinse na tuairisce mar thoradh air.

Níos mó ná rud ar bith eile, beidh comhrac na bulaíochta ag brath ar a mhéid a thugann na scoláirí faoi deara agus a thuairiscíonn an bhulaíocht. Sa chomhthéacs seo, tá folláine na scoláirí ag brath go mór ar airdeall a gcomhscoláirí agus a n-ullmhacht chun imní faoin mbulaíocht a chur in iúl don fhoireann teagaisc agus/nó do bhainistíocht na scoile. Neartóidh an fhoireann teagaisc ar fad an pointe seo do na mic léinn ar bhonn leanúnach.

6.8. Glacfaidh an Coláiste cur chuige uile-scoile (lena n-áirítear an bhainistíocht, an fhoireann, tuismitheoirí, mic léinn agus baill den mhórphobal a bhfuil baint acu leis an gColáiste) chun an bhulaíocht a chosc agus a chomhrac.

Sa chomhthéacs seo, tá an Coláiste tiomanta do dhul i dteagmháil le tuismitheoirí. Ar an gcéad dul síos, beidh an Coláiste páirteach i bhforbairt polasaithe agus cleachtais chun dul i ngleic le bulaíocht. Ar an dara dul síos, reáchtálfaidh an Coláiste **oícheanta eolais bliantúla do thuismitheoirí** chun a chinntiú go dtuigeann siad an bealach ina ndéileálann an Choláiste le bulaíocht, agus chun eolas iontaofa a sholáthar dóibh ar conas is féidir leo cuidiú le dul i ngleic le bulaíocht. Maidir leis seo, tá sé tábhachtach go dtuigeann tuismitheoirí **gur féidir le duine ar bith a bheith ina bhulaí agus gur féidir le duine ar bith a bheith ina sprioc bulaíochta**. Ní hé clann mhac agus iníonacha daoine eile amháin atá in ann bulaíocht a dhéanamh. Anseo, freisin, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil easaontais idir daoine óga mar chuid lárnach den chaibidlíocht ar an mbóthar go dtí an duine fásta agus **nár cheart caitheamh le gach easaontas ógánach mar eachtra iomlán bulaíochta**.

6.9. De réir 6.8.9 de Nósanna Imeachta ROS 'bítear ag súil go gcomhoibreoidh tuismitheoirí agus daltaí le haon fhiosrú agus cuidiú leis an scoil aon cheisteanna a réiteach agus, chomh fada agus is indéanta, caidreamh na bpáirtithe lena mbaineann a athbhunú chomh tapa agus is féidir. '.

6.10. Bunóidh an Coláiste naisc le tiománaithe bus scoile agus le daoine eile a bhíonn i dteagmháil laethúil lena scoláirí chun iad a liostú chun dul i ngleic le hiompar bulaíochta trí é a thuairisciú do thuismitheoirí agus/nó don Choláiste.

6.11. Nuair is gá, lorgóidh an Coláiste cúnamh ó NEPS, FSS agus na Gardaí, agus oibreoidh siad leo, de réir mar is cuí, chun dul i ngleic leis an mbulaíocht – sainaithin na daoine a rinne an cion agus tacóidh siad leis na híospartaigh.

6.12. Agus an bhulaíocht á chomhrac, tabharfaidh an Coláiste aird ar leith ar riachtanais daltaí faoi mhíchumas nó a bhfuil RSO acu. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná cuimsitheacht a fheabhsú, díriú ar scileanna sóisialta a fhorbairt, aird ar leith a thabhairt ar ionduchtú na mac léinn agus cultúr scoile a chothú ina bhfuil meas ar gach duine agus a bhfuil luach acu ar chabhrú lena chéile.

6.13. Déanfaidh an Coláiste seisiún forbartha foirne (don fhoireann teagaisc agus neamhtheagaisc – de réir mar is cuí) gach scoilbhliain chun: feasacht ar bhulaíocht a ardú i measc na foirne, tuiscint a chothú ar cad is bulaíocht ann agus treoir a sholáthar ar an mbealach is fearr í a chomhrac – a chosc, a bhrath, a imscrúdú, a dhoiciméadú (mar is cuí) agus a réiteach.

Soláthróidh an seisiún seo deiseanna freisin chun iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal atá ann laistigh de theagasc na n-ábhar ar fad agus laistigh de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim chun dearcadh measa ar chách a chothú, luach na héagsúlachta a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar chlaontacht agus steiréitíopáil, agus chun aird a tharraingt ar neamh-inghlacthacht an iompar bulaíochta.

Díreofar go soiléir ar fhorbairt na foirne go léir maidir le dul i ngleic leis an mbulaíocht ar chumas na foirne uile an polasaí seo agus na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach.

6.14. Tá an Coláiste tiomanta do sheisiún forbartha gairmiúla leanúnach a fhorbairt gach bliain chun cur le cumas na Scoile/Coláiste dul i ngleic leis an mbulaíocht.

6.15. Tá an Coláiste tiomanta do shuirbhé a dhéanamh go rialta (ar a laghad uair amháin in aghaidh na scoilbhliana) ar na scoláirí chun méid na bulaíochta a aithint agus, chomh fada agus is féidir, na scoláirí a bhfuil tionchar aici uirthi.

6.16. Díreoidh clár OCG agus OSPS an Choláiste go sonrach ar cheist na bulaíochta le gach bliainghrúpa, gach scoilbhliain.

6.17. Reáchtálfaidh an Coláiste, gach bliain, Lá Feasachta ar an Idirlíon Sábháilte agus seachtain feasachta Frithbhulaíochta chun aird a tharraingt ar cheist iomlán na bulaíochta agus a bheith sábháilte ag úsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha.

6.18. Beidh freagracht ar leith ar dhaltaí sinsearacha an Choláiste as iompar bulaíochta a aithint, as imní faoi iompar bulaíochta a chur faoi bhráid an mhúinteora agus as tacú le daltaí leochaileacha maidir le bulaíocht. Cuirfear oiliúint ar fáil do na scoláirí sinsearacha chun cabhrú leo ina leith seo.

**Cur chuige na scoile ina hiomláine**

- Cur chuige na scoile ina hiomláine chun meas ar gach ball de phobal na scoile a chothú.
- Luach na héagsúlachta a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar dhearcaí claonta agus chun aird a tharraingt ar a dho-ghlactha is atá iompraíocht bhulaíochta.
- Féinmheas a chothú agus a fheabhsú i measc na ndaltaí uile trí ghníomhaíochtaí curaclaim agus seach-churaclaim araon. Tabharfar deiseanna do dhaltaí féinmheas dearfach a fhorbairt trí idirghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.
- Forbairt ghairme don fhoireann go léir i dtaca leis an mbulaíocht d'fhonn a chinntiú go mbeidh tuiscint ag an bhfoireann ar fad ar cad is bulaíocht ann, ar an gcaoi a dtéann sí i bhfeidhm ar shaol na ndaltaí agus ar an ngá a bhíonn ann freagairt di agus í a chosc.
- Athbhreithniú bliantúil ar gánna CPD na múinteoirí, le eolas a bhailiú faoi na scileanna agus an taithí atá ag múinteoirí na scoile.
- Forbairt ghairme le fócas faoi leith ar oiliúint a chur ar na múinteoirí ábhartha.
- Feachtas feasachta agus oiliúna don scoil ina hiomláine i dtaca le gach gné den bhulaíocht, lena n-áirítear, tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) agus pobal níos leithne na scoile.

- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, ar dhorchlaí, ar thalamh na scoile, ar thurasanna scoile agus ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Tabharfar ar bhaill foirne nach mbíonn ag teagasc agus ar bhaill eile a bheith san airdeall agus eachtraí a chur in iúl do na múinteoirí ábhartha. Beidh maoirseacht i gceist leis i dtaca leis an úsáid a bhaineann daltaí as teicneolaíocht cumarsáide sa scoil.
- Rannpháirtíocht Chomhairle na nDaltaí i dtimpeallacht shábháilte scoile a chruthú e.g. Córas páirtíochta, meantóireacht, Cairde Lóin agus gníomhaíochtaí tacaíochta eile a d'fhéadfadh tacú le daltaí agus cultúr comh-mheasa agus tacaíochta a spreagadh.
- Forbairt agus cur chun cinn Cairt Frithbhulaíochta don scoil le cur i ndialanna na ndaltaí agus le cur ar taispeáint i seomraí ranga agus in áiteanna poiblí sa scoil.
- Pléitear beartas frithbhulaíochta na scoile le daltaí agus tugtar cóip de do gach tuismitheoir/caomhnóir mar chuid de Chód Iompraíochta na Scoile (gach bliain).
- Bearta rialta (e.g. gach bliain/gach téarma/gach mí/gach seachtain) feasachta a chur i bhfeidhm ar fud na scoile e.g. clár fógraí faoi leith sa scoil agus i seomraí ranga maidir le cairdeas a chothú, agus bulaíocht a chosc; Lá Chairdis gach bliain agus seimineáir le tuismitheoirí/caomhnóirí; suirbhéanna bliantúla/téarma/míosúla ar dhaltaí; tionóil rialta scoile nó bhliainghrúpa faoi stiúir an phríomhoide, an leas-phríomhoide, na gceann bliana, etc.
- Cultúr insinte a spreagadh, agus béim faoi leith ar thábhacht na bhfinnéithe. Ar an gcaoi sin beidh muinín ag daltaí as a bheith ag insint. Tá gné seo na muiníne ríthábhachtach. Ba chóir a chur in iúl go soiléir do gach dalta agus iad ag tuairisciú eachtraí bulaíochta nach ag insint ná ag sceitheadh atá siad ach ag gníomhú go freagrach.
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh a fhios ag daltaí cé dó ba chóir dóibh a insint agus conas é a dhéanamh, e.g.:
    - Dul caol díreach chuig múinteoir ag am feiliúnach, mar shampla tar éis ranga.
    - Nóta a thabhairt isteach leis an obair bhaile.
    - Glao gutháin a chur ar an scoil nó ar mhúinteoir sa scoil a bhfuiltear muiníneach as/aisti.
- Bosca Frithbhulaíochta – Tugaimis bosca cairdeas air
- Tabhairt ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) nó ar chara insint.
- Ceistneoir rúnda a thabhairt do gach dalta uair sa téarma.
- Deimhin a dhéanamh de go dtuigeann finnéithe an tábhachtach a bhaineann lena bhfeiceann siad nó lena bhfuil ar eolas acu faoin mbulaíocht atá ar bun a insint.
- Prótacail shoiléire a shonrú chun tuismitheoir(í)/caomhnóir(í) a spreagadh dul chun na scoile más dóigh leo go bhfuil bulaíocht á déanamh ar a leanbh. Ba chóir an prótacal a chur le chéile i gcomhar le tuismitheoirí.
- Beartas um Úsáid Inghlactha a chur le chéile sa scoil lena n-áirítear na céimeanna cuí chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar monatóireacht dhian ar úsáid na teicneolaíochta sa scoil, cuir i gcás úsáid a bhaint as gutháin phóca.
- Liosta na dtacaí atáthar a úsáid sa scoil faoi láthair agus tacaí eile atá sa scoil a shonrú e.g. ZEEKO - GLEN www.glen.ie, BeLonGTo www.belongto.org

  The Programmes of Social, Personal and Health Education for all years by Brian McAuley (North Western Health Board)

  1st Year - Healthy Living

  2nd Year- Healthy Times

  3rd Year - Healthy Choices

  Pre-Leaving Certificate Classes - Developing Myself and Others

  Junior Cycle Alcohol Education Programme – Drinkaware

  Social, Personal and Health Education - Resource Material for Relationship & Sexuality Education : Post-Primary : Junior Cycle (Department of Education and Science)

Social, Personal and Health Education - Resource Material for Relationship & Sexuality Education : Post-Primary : Senior Cycle Cycle (Department of Education and Science
'Busy Bodies' - Adolescent Development Programme (Health Service Executive)
b4udecide.ie 'Relationship and Sexuality Education' (Health Service Executive)
'On My Own Two Feet' (Department of Education and Science)
'Mental Health Matters' Mental Health Association of Ireland www.mentalhealthireland.ie

**Curaclaim a chur i ngníomh**

- Cur i ngníomh iomlán na gcuraclam SPHE agus CSPE agus na gclár RSE agus Bí Sábháilte.
- Forbairt Ghairme Leanúnach don fhoireann agus na cláir sin á seachadadh.
- Ceachtanna ar an mbulaíocht bunaithe ar fhianaise a sheachadadh ar fud na scoile, e.g. Cool School Lessons, #UP2US, Bí Sábháilte, The Walk Tall Programme, On My Own Two Feet.
- Ceachtanna a sheachadadh ar **Fhorrántacht Chaidreamhach** (Cool School Programme: A Friend in Deed), ar an **gCibearbhulaíocht** (ZEEKO, #UP2US, Be Safe-Be Web wise, Think Before you Click, Let's Fight it Together, Web wise Primary teachers' resources), ar an **mBulaíocht Hómafóbach agus Thrasfóbach**(Growing up LGBT, Stand Up Programme, The Trust pack ) ar an **Éagsúlacht agus an Idirchultúrachas**
- Cláir SPHE an Gharda Síochána a sheachadadh ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. Pléann na ceachtanna seo, a thugann Gardaí Pobail, ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus cibearbhulaíocht.
- Féachfaidh an scoil, go háirithe, i leith riachtanais bhreise na ndaltaí SEN maidir le cláir a chur i bhfeidhm agus scileanna agus straitéisí a fhorbairt a chuirfeadh ar chumas gach daltaí freagairt go cuí.

**Naisc le beartais eile**

- Liostaigh beartais, cleachtais agus gníomhaíochtaí scoile a bhaineann leis an mbulaíocht, e.g. FUSE, Cód Iompraíochta, Beartas Cosanta Leanaí, Maoirseacht daltaí, Beartas um Úsáid Inghlactha, Tinreamh, & Gníomhaíochtaí Spóirt. Is féidir teacht ar an t-eolas seo ar suíomh scoile www.colaistenaomhfeichin.ie

**7. Nósanna imeachta chun iompar bulaíochta a imscrúdú, a leanúint suas agus a thaifeadadh, agus straitéisí idirghabhála a úsáideann an Scoil/Coláiste chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta - féach Roinn 6.8 de Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais**

7.1 Nuair a bhíonn imní ar bhall den fhoireann teagaisc faoi dhalta. má dhéantar bulaíocht air/uirthi, mar thoradh ar thuairim phearsanta nó mar thoradh ar thuairisc a fháil ó thríú páirtí, féadfaidh sé/sí an t-ábhar a imscrúdú agus déileáil leis de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i Roinn 6.8 den Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna. Nó is féidir leis an múinteoir an cheist a chur faoi bhráid an Phríomhoide nó an Phríomhoide Tánaisteach.

7.2 Agus iompar bulaíochta á fhiosrú nó aghaidh a thabhairt ar iompar bulaíochta ar aon bhealach, tá fáilte roimh mhúinteoirí cúnamh agus tacaíocht a lorg ón bpríomhoide, ón bpríomhoide tánaisteach nó ón bhfoireann tréadchúraim ag am ar bith. Go deimhin, ag cur san áireamh a mhéid is atá an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach i muinín gach cineál faisnéise pearsanta faoi scoláirí, bheadh sé ciallmhar do mhúinteoirí seiceáil isteach le ceachtar acu sula ndéanann siad aon ghníomh maidir le hiompar bulaíochta.

7.3 Nuair a bhíonn imní ar mhúinteoir go bhfuil eachtra bulaíochta ar leith ag **cur isteach go mór ar dhalta,** ar bhall foirne nó ar dhuine eile, ba chóir dó/di aird an Phríomhoide nó an Phríomhoide Tánaisteach á dhíriú ar an gcás chomh luath agus is féidir.

7.4 Coimeádann an Scoil/Coláiste an ceart chun líomhaintí bulaíochta a fhiosrú (agus gníomh araíonachta a ghlacadh más gá) i gcás go ndéanann ball de phobal na scoile an bhulaíocht agus go gcuireann sí isteach ar obair nó ar leas dalta sa scoil, fiú nuair a dhéantar na gníomhartha bulaíochta lasmuigh den scoil/coláiste.

7.5 Coimeádann an Scoil/Coláiste an ceart, de réir Alt 6.3.5 de Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna, cúnamh a lorg ó ghníomhaireachtaí ar nós NEPS, FSS, agus na Gardaí, nuair a mheasann siad go bhfuil an cúnamh sin riachtanach chun déileáil go héifeachtach le hiompar bulaíochta. . In aon chás, nuair a mheasann an Scoil/Coláiste go bhféadfadh iompar bulaíochta a bheith maslach nó ionsaitheach (féach ailt 6.8.12, 6.8.13 agus 6.8.14 de Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais agus Scileanna) rachaidh siad i gcomhairle le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh an FSS chun cuidiú leo freagra cuí a chur ar bun nó comhairle a fháil nó tuairisc fhoirmiúil um chosaint leanaí a dhéanamh chuig an FSS nó chuig na Gardaí (de réir mar is cuí) de réir Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna an Roinn Oideachais agus Scileanna.

7.6 Má tá imní faoi nó líomhaintí faoi bulaíochta, déanfar fiosrú agus aghaidh a thabhairt orthu de réir Alt 6.8 9 den Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna. Tá achoimre orthu seo mar seo a leanas.

a. Agus an bhulaíocht á himscrúdú agus á láimhseáil díreofar ar na saincheisteanna idirphearsanta a réiteach agus ar chaidreamh na bpáirtithe lena mbaineann a athbhunú, chomh fada agus is féidir – seachas an milleán a chur ar cibí duine atá páirteach.

b. Agus é/í ag fiosrú agus ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a mbreithiúnas gairmiúil chun cinneadh a dhéanamh ar tharla bulaíocht agus conas is fearr an cás a réiteach, go héifeachtach.

c. Déanfaidh an múinteoir a thagann ar an eolas faoi na líomhaintí/imní ar dtús nó an Príomhoide agus/nó Príomhoide Tánaisteach gach tuairisc bulaíochta, lena n-áirítear tuairiscí anaithnide, a fhiosrú agus déileáil leis. Maidir leis seo, tá sé de dhualgas ar gach múinteoir a thagann chun feasach ar iompar bulaíochta déileáil leis an iompar sin iad féin nó iompar den sórt sin a chur faoi bhráid an Phríomhoide nó an Phríomhoide Tánaisteach a luaithe agus is féidir.

d. Cuirfear in iúl go soiléir do dhaltaí i ngach bliain nuair a thuairiscíonn siad iompar bulaíochta nach mbreathnaítear air mar 'as insint scéalta' ach go bhfuil siad ag déanamh iompar freagrach agus go bhfuil folláine scoláirí eile ag brath orthu an saghas iompar sin a thuairisciú do mhúinteoir nó do dhalta sinsearach.

Déanfaidh na daoine sin a bhfuil baint acu le himscrúdú agus réiteach a dhéanamh ar iompar bulaíochta na forbairtí seo a leanas a thabhairt faoi deara agus a thuairisciú agus, agus é sin á dhéanamh acu, comhlíonfaidh siad an reachtaíocht ábhartha um chosaint sonraí.

- Úsáidfidh an múinteoir ábhartha a mbreithiúnas gairmiúil maidir leis na taifid a choimeádfar ar an eolas a faightear, na bearta a rinneadh agus aon phlé leo siúd a bhfuil baint acu leis an iompar bulaíochta.
- Nuair atá sé bunaithe ag an múinteoir ábhartha gur tharla bulaíocht, ní mór dó/di taifid scríofa cuí a choinneáil chun cabhrú lena (h)iarrachtaí na saincheisteanna a réiteach agus, chomh fada agus is indéanta, caidreamh na bpáirtithe lena mbaineann a athaontú.
- Ní mór don mhúinteoir ábhartha an teimpléad taifeadta in Iarscríbhinn 1 an t-iompar bulaíochta a thaifeadadh sna cúinsí seo a leanas:

  a) Sa chás go measann sé/sí nár tugadh aghaidh go himleor agus go cuí ar an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó a chinntiú gur tharla iompar bulaíochta; agus

  b) Nuair is gá iompar tromchúiseach bulaíochta a thuairisciú láithreach don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach (**féach** 7. 3) nó nuair a chuireann múinteoir ábhartha imní nó líomhaintí bulaíochta ar aghaidh ag aon am don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach (**féach** 7.1) . .

  I ngach ceann de na himthosca ag (a) agus (b) thuas, caithfidh an múinteoir atá i gceist an teimpléad taifeadta in Iarscríbhinn 1 a chomhlánú **go hiomlán** agus a choinneáil agus cóip a sholáthar don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach mar is cuí.

  Ag am ar bith agus ceist bulaíochta á fhiosrú nó á réiteach, féadfaidh an múinteoir cuí comhairle agus tacaíocht a lorg ón bPríomhoide agus/nó ón bPríomhoide Tánaisteach agus é/í freagrach as déileáil leis an scéal.

  Chomh maith leis sin, ag am ar bith agus ceist bulaíochta á fhiosrú nó á réiteach, féadfaidh an múinteoir cuí an cheist a thabhairt ar láimh don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach. Agus é sin á dhéanamh, áfach, caithfidh sé/sí an teimpléad taifeadta in Iarscríbhinn 1, cóip den teimpléad comhlánaithe a choinneáil ina c(h)uid comhad agus cóip a sholáthar don Phríomhoide nó don Phríomhoide Tánaisteach, de réir mar is cuí.

e. Spreagfar gach ball foirne neamhtheagaisc ar nós cléireachais agus riaracháin, maoirseoirí staidéir, cúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna), feighlithe, glantóirí, cóitseálaithe spóirt, iad siúd a dhéanann gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus iad siúd a bhíonn ag tiomáint busanna scoile chun aon teagmhais iompraíochta bulaíochta a chonaic siad, nó a lua leo, iad a thuairisciú do mhúinteoir nó don phríomhoide nó don phríomhoide tánaisteach.

f. Déanfar teagmhais bulaíochta a fhiosrú ar bhealach socair, fuarchúiseach maidir le réiteach fadhbanna.

g. Go ginearálta déanfar eachtra bulaíochta a fhiosrú lasmuigh den seomra ranga chun príobháideachas gach duine atá i gceist a chinntiú.

h. Reáchtálfar gach agallamh go rúnda/híogair agus le haird chuí ar chearta na daltaí, is cuma má líomhnaítear go bhfuil baint acu le hiompar bulaíochta nó in ann eolas a sholáthar faoin iompar atá á fhiosrú.

i. Lorgóidh na daoine atá ag fiosrú iompar bulaíochta freagraí go réidh ar cheisteanna faoi cad, cén áit, cén uair, cé agus cén fáth.

j. Sa chás go líomhnaítear go bhfuil baint ag grúpa le hiompar bulaíochta, cuirfear gach dalta faoi agallamh ar an gcéad dul síos. Ina dhiaidh sin, nuair is cuí, buailfear le gach duine atá páirteach mar ghrúpa agus, ag an gcruinniú seo, iarrfar ar gach ball a c(h)untas chun a chinntiú go bhfuil gach duine soiléir faoina bhfuil á rá ag gach duine.

k. Tabharfar tacaíocht do gach ball den ghrúpa maidir leis na brúnna a d'fhéadfadh a bheith air/uirthi ó bhaill eile an ghrúpa tar éis dóibh a bheith faoi agallamh.

l. Nuair a mheastar é a bheith cuí, féadfar iarraidh ar na daoine atá faoi agallamh a gcuntas ar ar tharla a scríobh síos.

m. Sa chás go gcinneann an múinteoir atá ag fiosrú ceist bulaíochta gur tharla iompar bulaíochta, déanfar teagmháil chomh luath agus is féidir le tuismitheoirí na bpáirtithe lena mbaineann siad chun iad a chur ar an eolas faoin ábhar agus chun na gníomhartha atá á ndéanamh a mhíniú (trí thagairt do pholasaí na scoile). Tabharfaidh an scoil deis do thuismitheoirí plé a dhéanamh ar bhealaí inar féidir leo na gníomhartha atá á ndéanamh ag an scoil a neartú nó tacú leo.

n. Sa chás go gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta gafa le hiompar bulaíochta, cuirfear in iúl go soiléir dó/di conas atá sé/sí ag sárú polasaí frithbhulaíochta na scoile/an choláiste agus **déanfar gach iarracht réasúnta** is féidir a dhéanamh. iarr air/uirthi an cás a fheiceáil ó thaobh an dalta/na ndaltaí a bhfuil bulaíocht á déanamh air/uirthi.

o. Sa chás go measann an Scoil/Coláiste go bhfuil gá le smachtbhannaí araíonachta, cuirfear in iúl go soiléir do gach duine atá bainteach leis (idir an bhulaíocht agus iad siúd atá ag déanamh na bulaíochta) agus a dtuismitheoirí) gur ábhar príobháideach é seo idir an dalta atá á smachtú, ac(h)uid. tuismitheoirí agus an Scoil/Coláiste.

p. Mar obair leantach ar cheist bulaíochta atá á réiteach, ba chóir don mhúinteoir ábhartha bualadh go leithleach leis na páirtithe cuí chun dul chun cinn an athbhreithniú a phlé. Ina dhiaidh sin, ach sa chás go bhfuil an dalta a ndearnadh bulaíocht air/uirthi réidh agus sásta le seo, ba chóir machnamh a dhéanamh ar chruinniú leis an dá pháirtí ag an am céanna toisc go bhféadfadh éifeacht theiripeach a bheith aige.

q. Sa chás go measann an múinteoir ábhartha nár tugadh aghaidh go cuí ar an iompar bulaíochta laistigh de 20 lá scoile tar éis dó/di a chinneadh gur tharla iompar bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha an eachtra bulaíochta a thaifeadadh sa teimpléad taifeadta in Aguisín 1.

r. Agus cinneadh á dhéanamh ar tugadh aghaidh go himleor agus go cuí ar chás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, mar chuid dá mbreithiúnas gairmiúil, na fachtóirí seo a leanas a chur san áireamh.
   - An bhfuil deireadh leis an iompar bulaíochta?
   - An bhfuil aon réiteach ar na saincheisteanna idir na páirtithe?
   - An bhfuil na caidrimh idir na páirtithe tar éis teacht ar ais; agus
   - Aon aiseolas faighte ó na páirtithe a bhí i gceist, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó Príomhoide Ionaid na scoile.

s. Sa chás nach bhfuil tuismitheoir/caomhnóir nó dalta atá os cionn 18 mbliana d'aois sásta gur dhéileáil an Scoil/Coláiste le cás bulaíochta de réir Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna, beidh sé/sí **a chur faoi bhráid na scoile nósanna imeachta gearán – féach Roinn 6.8.9 (XX) de** Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna.

Sa chás go bhfuil tuismitheoir/caomhnóir nó dalta atá os cionn 18 mbliana d'aois, tar éis dó nósanna imeachta gearán na scoile a bheith ídithe, fós míshásta cuirfear in iúl dó/di faoina c(h)eart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí – **féach Alt 6.8 .9 (XXi) de** Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna.

## 8. Clár tacaíochta chun oibriú le mic léinn a bhfuil tionchar ag an mbulaíocht orthu - féach Roinn 6.8 15, 6.8.16 agus 6.8.17 de Nósanna Imeachta ROS

**8.1** Cuirfidh an Scoil/Coláiste clár tacaíochta i bhfeidhm do dhaltaí a bhfuil bulaíocht déanta orthu. Beidh na gnéithe seo a leanas i gceist leis an gclár seo.

- Dona na daltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:
  - tairgtear comhairleoireacht chuí; agus
  - tugadh deiseanna dóibh a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí atá deartha chun a bhféinmhuinín a ardú, chun a scileanna sóisialta a fhorbairt agus chun a n-athléimneacht a thógáil.
- Dona daltaí a bhí páirteach in iompar bulaíochta ná:
  - cuireadh comhairle ar fáil dóibh chun cabhrú leo bealaí eile a fhoghlaim chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh gan cearta daoine eile a shárú; agus
  - deiseanna cuí a chur ar fáil dóibh chun a bhféinmheas agus a mothúcháin féin-fhiúntais a fhorbairt.
- Do na daltaí a chonaic eachtraí bulaíochta; iad a plé lena múinteoirí agus lena dtuismitheoirí agus leas a bhaint as comhairleoireacht nuair a cheapann siad go bhféadfadh sé cabhrú leo déileáil go héifeachtach lena bhfuil taithí acu.

## 9. Maoirseacht agus Monatóireacht ar Fhrithbhulaíocht ar Scoil/Coláiste

- Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú nuair is féidir.
- Beidh cur i bhfeidhm agus éifeachtacht bheartas frithbhulaíochta na Scoile/Coláiste mar mhír ar an gclár oibre do gach cruinniú foirne – ionas gur féidir imní faoin bpolasaí agus/nó faoi leas scoláirí aonair a roinnt agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach orthu.
- Déanfar sonraí a bhailítear trí na teimpléid tuairiscithe (Iarscríbhinn 1) a chomhthiomsú agus a anailísiú go bliantúil d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil iompair bulaíochta agus sainaithint a dhéanamh ar shaincheisteanna nach mór aird a thabhairt orthu. Comhlánóidh an anailís seo an t-eolas a bhailítear trí na suirbhéanna ar bhulaíocht – féach Roinn 6.15.
- Uair amháin ar a laghad i ngach téarma scoile, cuirfidh an Príomhoide tuairisc ar fáil don Bhord Bainistíochta ag leagan amach na nithe seo a leanas.
  - líon foriomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh (trí bhíthin an teimpléid taifeadta bulaíochta (féach Iarscríbhinn 1) ón tuarascáil roimhe sin don Bhord.
  - deimhniú gur déileáladh nó go bhfuiltear ag déileáil le gach cás a tarchuireadh tríd an teimpléad taifeadta (Aguisín 1) de réir pholasaí frithbhulaíochta na scoile agus Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna. Déanfaidh miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Bainistíochta taifead ar thuairisc an Phríomhoide ach á dhéanamh sin ní bheidh aon sonraí aitheantais ann maidir leis na scoláirí a bhí i gceist.

**10. An Ciapadh a Chosc**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an Coláiste, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

**11. Glacadh agus Athbhreithniú**

Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo ar an 29ú de Bhealtaine 2024.

**12. Scaipeadh agus Foilsiú**

Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin an Choláiste (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Choiste na dTuismitheoirí agus Comhairle na nDaltaí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

**13. Athbhreithniú Beartais**

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil ar pholasaí frithbhulaíochta na scoile agus ar a chur i bhfeidhm de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach i Mír 7.2 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna ag baint úsáid as an seicliosta atá ar áireamh in Aguisín 4 de na nósanna imeachta sin – féach Iarscríbhinn 2.

Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go gcuirfear plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun dul i ngleic le haon réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithnítear san athbhreithniú bliantúil.

Cuirfear fógra scríofa go bhfuil an t-athbhreithniú críochnaithe ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil do Chumann na dTuismitheoirí Scoile é.

Déanfar sonraí an athbhreithnithe a thaifeadadh i miontuairiscí chruinniú an Bhoird Bainistíochta a ghlac leis an athbhreithniú agus cuirfear taifead ar an athbhreithniú agus a thoradh ar fáil, má iarrtar é, don Phátrún agus don ROS. I gcás na Roinne Oideachais agus Scileanna, tuigtear go leagfaidh an Chigireacht fócas láidir ar na gníomhartha a dhéanann an Scoil/Coláiste chun cultúr dearfach scoile a chruthú agus chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

| | | |
|---|---|---|
| | 29/5/24 | |
| **Cathaoirleach, Bord Bainistíochta** | **Dáta** | **Príomhoide** |

# Appendix 1 – Taifead ar Iompar Frithbhulaíochta

## *Recording Bullying Behaviour*

**1. Ainm an Dalta atá bulaíocht á dhéanamh orthu agus an rang ghrúpa**
***Name of student being bullied and class group***

Ainm/*Name* ________________________________ Rang/*Class*_______

**2. Ainm(neacha) agus Rang(anna) de na dalta(í) atá ag tabhairt faoi iompair bulaíochta**
***Name(s) and class(es) of student(s) engaged in bullying behaviour***

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**4. Foinsí d'amhras Bulaíochta**
*Source of bullying concern/report*

(Cuir tic leis an mbosca cuí / tick relevant box(es))*

| | |
|---|---|
| Dalta Ábhartha / *Pupil concerned* | |
| Dalta Eile / *Other Pupil* | |
| Tuismitheoir / *Parent* | |
| Múinteoir / *Teacher* | |
| Eile / *Other* | |

**4. Suíomh an Eachtra**
*Location of incidents*

| | |
|---|---|
| Clós / *Playground* | |
| Seomra Ranga / *Classroom* | |
| Pasáiste / *Corridor* | |
| Leithris / *Toilets* | |
| Bus Scoile / *School Bus* | |
| Eile / *Other* | |

**5. Ainm an duine a rinne tuairisc a thabhairt**
*Name of person(s) who reported the bullying concern*

| |
|---|
| |

**6. Cén cineál Iompar Bulaíochta atá i gceist**
*Type of Bullying Behaviour (Cuir tic leis an mbosca cuí / tick relevant box(es))* *

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionsú Fisiceach / *Physical Aggression* | | Cibearbulaíocht / *Cyber-bullying* | |
| Damáiste do mhaoin / *Damage to Property* | | Imeaglú / *Intimidation* | |
| Aonrú/Díbirt / *Isolation/Exclusion* | | Cúlchaint Mailíseacha / *Malicious Gossip* | |
| Glao Ainmneacha / *Name Calling* | | Eile (sonraigh) / *Other (specify)* | |

**7. Más bulaíocht aitheantas atá i gceist, cuir tic leis an catagóir ceart**
*Where behaviour is regarded as identity-based bullying, indicate the relevant category:*

**Homophobic** **Disability/SEN**related

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**8. Tabhair cuntas gearr ar an iompar bulaíochta agus an droch tionchar atá aige ar an daltaí**
*Brief Description of bullying behaviour and its impact*

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**9. Gearrchuntas ar na céimeanna atá tógtha**
***Details of actions taken***

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Sinithe / *Signed* ______________________________ Dáta / Date ______________
Múinteoir Ábhartha / *Relevant Teacher*

Dáta tógtha don Príomhoide / Príomhoide Tánaisteach ______________
*Date submitted to Principal/Deputy Principal*